



**An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara**  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003  
Scéim Teanga  
Ó 2021 go dtí 2024**

[www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)

# Contents

## Roinn 1

Cúlra	3
Ullmhú na Scéime	3
Ábhar na Scéime Nua	4
Dáta Tosach Feidhme na Scéime	4

## Roinn 2

Forléargas ar an Roinn	5
Ár gCustaiméirí	5
Measúnacht ar an méid seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana féin	6

## Roinn 3

Beartha feabhsaithe chun seirbhísí i nGaeilge a chur chun cinn	7
Saoráidí fáiltithe	7
Foilseacháin	7
Na Meáin agus Óráidí	8
Cruinnithe Poiblí	8
An Láithreán Gréasáin agus Teicneolaíocht Faisnéise	9
Oiliúint & Forbairt	9
Tionscnaimh Eile	10
An Ghaeltacht	10
Comórtais agus Earcaíochta i leith Oifigí Gaeltachta	11
Poist Ghaeilge Ainmnithe	12

## Roinn 4

Faireachán agus Athbhreithniú	13
-------------------------------	----

## Roinn 5

An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	13
------------------------------------	----

## Aguisín

Eagrúchán agus Struchtúr	14
--------------------------	----

# Roinn 1

## Cúlra

Tugadh an chéad Scéim Teanga de chuid na Roinne isteach i Meitheamh 2006. Rinneadh an Scéim seo, arb í ár dtríú Scéim Teanga í, a ullmhú faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Foráiltear le hAlt 11 den Acht go bhféadfar a cheangal ar chomhlachtaí poiblí Scéim reachtúil a ullmhú ina sonrúfar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge amháin;
- trí mheán an Bhéarla amháin; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Tugtar mionsonraí sa Scéim freisin faoi na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil á soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh.

Le hAlt 12 den Acht, déantar foráil maidir le treoirlínte atá le hullmhú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus atá le heisiúint chuig comhlachtaí poiblí chun cabhrú leo dréacht-Scéimeanna a ullmhú. Rinneadh an Scéim seo a tharraingt suas i gcomhréir leis na treoirlínte sin. Fuarthas fógra ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán faoi alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 á iarraidh ar an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a dara Scéim agus dréacht-Scéim nua a ullmhú agus an dréacht-Scéim sin a chur faoina bhráid.

Tá athbhreithniú déanta ar an dara Scéim mar a iarradh agus ullmhaíodh an Scéim seo arb í ár dtríú Scéim Teanga í agus ina leagtar amach bearta sonracha chun leibhéal agus caighdeán na seirbhíse a sholáthraíonn an Roinn do chainteoirí Gaeilge a fhorbairt agus a chur ar aghaidh.

## Ullmhú na Scéime

Le linn an Scéim seo a ullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirlínte a d'éisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. De bhreis air sin, chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí iomchuí. Cuireadh an taithí a fuarthas le linn ré an dara Scéim san áireamh nuair a bhí an Scéim nua á hullmhú.

Baineann an Roinn leas as an treoir a ghabhann leis an bprionsabal gur ceart seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe ar an méid seo a leanas:

- an bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí sonracha i nGaeilge;

- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir le soláthar na seirbhísí sin; agus
- na hacmhainní atá ann, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus acmhainneacht an chomhlachta lena mbaineann, chun teacht ar an gcumas riachtanacha teanga.

Comhlánaíonn an Scéim prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus prionsabail ár gCairt Chustaiméara. Ceapadh an Scéim le hintinn deimhin a dhéanamh de go dtabharfar aghaidh ar na hoibleagáidí iomchuí go léir faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach sa Scéim seo agus i Scéimeanna a bheidh ann ina dhiaidh seo.

### **Ábhar na Scéime Nua**

Is iad cuspóirí an tríú Scéim seo cur leis an dul chun cinn atá bainte amach ag an Roinn ó bhí an bhliain 2006 ann maidir le seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí a labhraíonn Gaeilge agus maidir le leathnú a dhéanamh ar an raon seirbhísí atá ar fáil go dátheangach thar shaolré na Scéime.

Ina theannta sin, tá gealltanais ann sa Scéim á rá go ndéanfar measúnacht, ar bhonn leanúnach, ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge agus go ndéanfar deimhin de go leanfaidh an Roinn de bheith ag déileáil leis an éileamh sin ar mhodh pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtana.

Ina theannta sin, tá an Scéim nua bunaithe ar phrionsabail na seirbhísí ardchaighdeán do chustaiméirí agus, dá bharr sin, leanfar de dheimhin a dhéanamh de go ndéanfar freastal ar dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Ach ní mór comhthéacs reatha na seirbhíse poiblí a chur san áireamh agus, i dtaca leis sin de, d'fhéadfadh na srianta ar acmhainní agus ar earcaíocht san earnáil phoiblí, mar aon le srianta buiséadacha, tionchar a bheith acu ar an leibhéal dul chun cinn ar féidir é a bhaint amach.

Is ceart aitheantas a thabhairt don am atá caite, agus do na hiarrachtaí atá déanta, ag gach duine atá páirteach sa phróiseas seo agus is ceart buíochas a ghabháil leo.

### **Dáta Tosach Feidhme na Scéime**

Dhaingnigh an tAire Turasóireacht, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Scéim seo. Cuirfear tús léi le héifeacht ón 01 Aibreán 2021 agus leanfaidh sí de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingnítear Scéim nua, cibé acu is déanaí.

## Roinn 2

### Forléargas ar an Roinn

Bunaíodh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an 9 Márta 2011. Tá gach ceann d'iarfheidhmeanna na Roinne Talmhaíochta, lascaigh agus Bia aici i gcónaí agus tá freagrachtaí breise uirthi i ndáil le hiascaigh mhara, dobharshaothrú, taighde muirí, innealtóireacht mhuirí, forbairt céanna agus cuan (seachas na cuanta tráchtála agus oileáin siúd a bhfuil freagracht ar an Roinn Iompair agus ar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, faoi seach, i ndáil leo).

Coimeádann an Roinn a hiarfheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí comhairleacha a sholáthar maidir le beartais Rialtais i dtaca leis na hearnálacha talmhaíochta agus bia a cheapadh agus, chomh maith leis sin, maidir le huirill a dhéanamh thar ceann na n-earnálacha sin ar leibhéal AE agus ar leibhéal domhanda. Tá freagracht ar an Roinn i ndáil le heisíoc maoiniúcháin AE agus Státchiste le feirmeoirí ar leithligh agus le comhlachtaí agus grúpaí éagsúla agus i ndáil lena chinntiú go ndáiltear an maoiniúchán sin i gcomhréir le reachtaíocht rialaitheach, idir reachtaíocht AE agus reachtaíocht náisiúnta. Tá freagracht ar an Roinn i ndáil le rialáil na dtionscal talmhaíochta agus bia trí reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht AE a chur i bhfeidhm agus, chomh maith leis sin, i ndáil le faireachán a dhéanamh ar leas ainmhithe agus plandaí. Ina theannta sin, leanfaidh sí d'fhaireschán a dhéanamh ar oibríochtaí na gcomhlachtaí stáit sin atá faoina coimirce agus a bhíonn ag gabháil do taighde, d'oiliúint, do chomhairliú, d'fhorbairt/do chur chun cinn an mhargaidh agus d'fhorbairt thionsclaíoch. Seo a leanas misean na Roinne:

*Freastal ar Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann trí chomhoibriú, cinnteoireacht, forbairt agus cur i bhfeidhm beartais a dhéanamh go héifeachtach lena chinntiú go bhfaigheann Éire tairbhí fadtéarmacha ónár n-earnáil*

I mí Dheireadh Fómhair 2019, ba é a bhí i líon na mball foirne coibhéiseach lánaimseartha sa Roinn ná 3,358. Tá achoimre ar Rannáin na Roinne le fáil in Agusín A.

### Ár gCustaiméirí

Chun a cuid spriocanna a bhaint amach, oibríonn an Roinn i gcomhpháirtíocht dhlúth le Ranna eile Rialtais, le gníomhaireachtaí reachtúla agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar raon saincheisteanna leathana maidir le cur i bhfeidhm beartais agus scéimeanna araon. Is iad na custaiméirí atá againn geallsealbhóirí de chuid na n-earnálacha talmhaíochta, muirí agus foraoiseachta.

## **Measúnacht ar an méid seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana féin**

Tá an Roinn sásta le toradh chur i bhfeidhm na mbeart ar tugadh gealltanas ina leith ina dara Scéim Gaeilge. Tá sé tugtha dá haire aici go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir lena cumas chun freastal ar chustaiméirí a dhéanann gnó léi trí Ghaeilge.

I measc na ngealltanais a bhí ann i ndáil le feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse i nGaeilge, áiríodh an méid seo a leanas:

- gnó a dhéanamh i nGaeilge in oifigí na Roinne atá suite i gceantair Ghaeltachta;
- faisnéis faoi scéimeanna a oibríonn an Roinn, agus faoi sheirbhísí a sholáthraíonn sí, a chur ar fáil go dátheangach;
- seoladh ríomhphoist cineálach a chur ar fáil le haghaidh cumarsáid i nGaeilge ([aonadnagaeilge@agriculture.gov.ie](mailto:aonadnagaeilge@agriculture.gov.ie));
- faisnéis dhátheangach ghréasán-bhunaithe a chur ar fáil;
- seirbhísí i nGaeilge a sholáthar do na meáin, más gá; agus
- raon tionscnamh oiliúna agus forbartha a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar leibhéal scileanna fhoireann na Roinne d'fhonn freastal ar riachtanais na gcustaiméirí a dhéanann gnó trí Ghaeilge.

## Roinn 3

### Bearta feabhsaithe chun seirbhísí i nGaeilge a chur chun cinn

Is é is cuspóir don tríú Scéim seo ná leanúint dár ngealltanais a chur i bhfeidhm i ndáil le feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse. Tá an Roinn tiomanta i leith an acmhainneacht chun forbairt a dhéanamh, agus feabhas a chur, ar sheirbhísí i nGaeilge thar ré trí bliana na Scéime. Measann an Roinn gur féidir linn cur go mór leis an dul chun cinn a rinneadh i rith ré an dara Scéim Teanga.

Comhlánóidh sé sin raon beart ar leithligh a chuireann an Roinn i bhfeidhm chun ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus, go háirithe ceanglais na Rialachán a tugadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2008, a chomhlíonadh. Déantar foráil leis na Rialacháin sin go formhór maidir le feabhsú phróifíl na Gaeilge ar chomharthaíocht, ar stáiseanáireacht agus i bhfógraí taifeadta ó bhéal a bhfuil freagracht ar chomhlachtaí i ndáil leo.

Le linn tograí den sórt sin a cheapadh, is eol don Roinn go bhféadfadh tosaíochtaí iomaíocha tionchar a bheith acu ar sholáthar seirbhísí poiblí i gcoitinne. Agus d'fhéadfaidís bac a chur ar chumas na Roinne a cuid uailmhianta go léir a bhaint amach i dtaca le seirbhísí a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear seirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí a labhraíonn Gaeilge.

### Saoráidí fáiltithe

Aithníonn an Roinn gurb iad na fáilteoirí/hoibreoírí lasc-chláir na chéad phointí teagmhála leis an bpobal. Leanfaidh an Roinn de dheimhin a dhéanamh de gur féidir le custaiméirí a iarrann gnó a dhéanamh i nGaeilge sin a dhéanamh. Tá socruithe oiriúnacha ann a fhágann gur féidir leis an bhfoireann lasc-chláir agus fáiltithe daoine den phobal a chur i dteagmháil, a luaithe is féidir, le hoifigeach a bhfuil Gaeilge aige/aici.

Ina theannta sin, féachfar lena chinntiú inár mbeartas earcaíochta, a mhéid is féidir, go mbeidh gach ball foirne in oifigí i gceantair Ghaeltachta in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

### Foilseacháin

- Le hAlt 10 den Acht, ceanglaítear ar an Roinn Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Cuntais Iniúchta nó Ráitis Airgeadais, agus aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais, a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

- De bhreis ar a hoibleagáidí faoi Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, maidir le doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, foilseoidh an Roinn doiciméid chorparáideacha eile i nGaeilge agus i mBéarla araon, amhail an Chairt Chustaiméara agus an Plean Gníomhaíochta Custaiméara, an Chairt um Chearta le haghaidh Feirmeoirí agus leabhrán Scéimeanna agus Seirbhísí.
- Déanfar foilseacháin na Roinne maidir le ráitis thábhachtacha beartais nó athbhreithnithe tábhachtacha beartais a chur ar fáil go dátheangach de ghnáth. Más rud é go mbaineann costas iomarcach le foilsiú dátheangach doiciméad ar leith mar thoradh ar mhéid an doiciméid atá i gceist, d'fhéadfadh sé tarlú go roghnóidh an Roinn an achoimre feidhmiúcháin agus na moltaí a fhoilsiú i bhformáid dhátheangach.
- Maidir le foilseacháin atá cruthaithe ag comhlachtaí eile ach atá ar fáil ón Roinn, cuirfear ar fáil iad sa teanga ina raibh siad tráth a bhfoilsithe ag an Roinn, nó ag an gcomhlacht, a chruthaigh iad.
- Cuirfear doiciméid shuntasacha eile ar fáil go dátheangach de réir mar a fhoilsítear iad, ach sin faoi réir srianta buiséadacha.

## Na Meáin agus Óráidí

- Foilsíonn an Roinn 100% de phreaseisiúintí na Roinne go dátheangach.
- Cuirfear óráidí ar fáil sa teanga ina dtugtar iad.
- Soláthrófar seirbhísí i nGaeilge do na meáin, más gá.

## Cruinnithe Poiblí

- Seolann an Roinn an chuid is mó dá cruinnithe poiblí i mBéarla. Ach déanfaidh an Roinn, nuair is gá, foireann a sholáthar atá inniúil sa Ghaeilge le haghaidh cruinnithe i gceantair Ghaeltachta nó nuair a bhítear ag déileáil le saincheisteanna Gaeltachta/Gaeilge.
- Más gá, féachfaidh an Roinn lena chinntiú go ndéanfar cruinnithe a reáchtáiltear sa Ghaeltacht a sheoladh i nGaeilge agus cuirtear aistriúchán comhuaineach go Béarla ar fáil, de réir mar is cuí.



- Maidir le cruinnithe a eagraíonn an Roinn chun déileáil le saincheisteanna Gaeilge, is i nGaeilge nó go dátheangach a sheolfar iad, de réir mar is cuí.

### **An Láithreán Gréasáin agus Teicneolaíocht Faisnéise**

- Tá roinnt doiciméad agus foirmeacha ar díol spéise don phobal iad ar fáil i nGaeilge ar an láithreán gréasáin. Tá sé beartaithe ag an Roinn an líon doiciméad atá ar fáil i nGaeilge a mhéadú thar shaolré na scéime.
- I gcás ina ndéantar aon athbhreithniú ar láithreán gréasáin na Roinne, déanfar na hoibleagáidí go léir faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur san áireamh.
- Beidh an séanadh caighdeánach ar chumarsáidí ríomhphoist dá theangach.
- Tabharfar spreagadh do bhaill foirne úsáid a bhaint as an leagan Gaeilge, nó as an leagan dátheangach, den chuid den teachtaireacht “as láthair ón oifig” nach ngineann an córas í.

### **Oiliúint & Forbairt**

- Tugann Aonad Foghlama & Forbartha Acmhainní Daonna na Roinne deis do bhaill foirne, tríd an tsaoráid OneLearning, chun páirt a ghlacadh i Ranganna Gaeilge ar Leibhéal Idirmheánach (atá ailínithe le Gaelchultúr Leibhéal 3/4) agus ar Ardleibhéal (atá ailínithe le Gaelchultúr Leibhéal 5/6). Tá rannpháirtíocht sna cúrsaí sin ag brath ar thoradh measúnacht inniúlachta Gaeilge a sheolann Gaelchultúr.
- Tabharfaidh an Roinn tacaíocht do bhaill foirne a ghabhann do staidéar féinstiúrtha go leibhéal deimhnithe, dioplóma agus céime tríd an Scéim Aisíoca Táillí Acadúla.
- Cothabhálfaidh agus forbróidh an Roinn cuid ar leith dá seirbhís Inlíon Foirne (‘eZone’) chun oibleagáidí na Roinne faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoin Scéim Gaeilge a chur in iúl don fhoireann agus chun cabhrú leo forálacha an Achta agus na Scéime araon a chomhlíonadh.

### **Tionscnaimh Eile**

- Má bhaineann tairiscint le saincheist Ghaeilge, cuirfear na doiciméid go léir a bhaineann le ‘Iarraidh ar Thairiscintí’ ar fáil i nGaeilge.

- Féachfaidh an Roinn le cáilíocht na ndoiciméad a fhoilsíonn sí i nGaeilge a bharrfheabhsú agus lena chinntiú go bhfaightear an luach uasta ar airgead a mhéid a bhaineann le caiteachas ar ghníomhaíochtaí Gaeilge.
- I rith thréimhse na Scéime, agus de réir mar a chuireann an Roinn feabhas ar a seirbhísí teileafónaíochta, leanfaimid de dheimhin a dhéanamh de go mbeidh teachtaireachtaí/treoracha taifeadta ar fáil i nGaeilge.
- Chun comhlíonadh na Rialachán a éascú, a mhéid a bhaineann siad le comharthaíocht, déanfaidh an Roinn aistriúcháin Ghaeilge ar raon téarmaí úsáideacha a chur ar fáil le haghaidh comharthaí sealadacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó bhaill foirne lena gcur ar taispeáint ina n-oifigí.

## **An Ghaeltacht**

Tá dhá oifig ag an Roinn i gceantair Ghaeltachta (ar Lárionaid Chuain lascaigh iad araon).

Tá ceann amháin acu suite i Ros an Mhíl, Contae na Gaillimhe, agus tá an ceann eile suite sa Daingean, Contae Chiarraí. Is ionann na hoifigí seo agus an pointe teagmhála is díri atá ag an Roinn le cainteoirí Gaeilge agus, mar thoradh air sin, baineann an-tábhacht lena gcumas chun ardleibhéal seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá an Roinn sásta go bhfuil baill foirne ann sna háiteanna sin atá dátheangach go feidhmeach. Trí leanúint dá beartas earcaíochta/ardaithe céime a chur i bhfeidhm féachfaidh an Roinn lena chinntiú gurb í an Ghaeilge an teanga oibre in oifigí atá suite i gceantair Ghaeltachta agus geallann an Roinn seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge do dhaoine den phobal i gceantair Ghaeltachta i gcaitheamh shaolré na Scéime seo.

Tá na socruithe riachtanacha curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena chinntiú go leanfar de Logainmneacha oifigiúla cheantair Ghaeltachta, de réir mar atá dearbhaithe ag an Aire san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2005, a úsáid mar an logainm réamhshocraithe ar mhaithe le cuspóirí corparáideacha, lena n-áirítear cuspóirí reachtacha, corparáideacha agus staitistiúla, más cú sin.

## **Comórtas agus Earcaíocht in Oifigí i gceantair Ghaeltachta**

Maidir le gach post in oifigí i gceantair Ghaeltachta, tá an Roinn tiomanta i leith an beartas seo a leanas a oibriú i ngach comórtas i leith earcaíocht sheachtrach agus i ngach comórtas le haghaidh ardú céime inmheánach:

- Beidh riachtanais i dtaobh na Gaeilge agus an Bhéarla, riachtanais a bheidh ar chomhchéim, i gceist le haon chomórtas a bhaineann le poist a bheidh lonnaithe in oifig atá suite i gceantar Gaeltachta.
- Tá seirbhísí Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG), Ollscoil Mhá Nuad, faighte ag an Roinn chun seirbhís Tástála Inniúlachta Gaeilge a sholáthar don Roinn de réir mar is gá, agus nuair is gá, an tseirbhís sin a chur ar fáil. Is é is aidhm don tástáil sin ná caighdeán inniúlachta a chinntiú a chumasóidh don iarratasóir na dualgais a bhaineann leis an post a chomhlíonadh i nGaeilge déileáil go héasca le cainteoirí dúchais nó cainteoirí líofa Gaeilge i gceantair Ghaeltachta.
- Déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil inniúlacht Ghaeilge ag gach duine a earcaítear as seo amach chuig oifigí i gceantair Ghaeltachta. Ach, mar thoradh ar chineál speisialaithe ról áirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeifear in ann post i gceantar Gaeltachta a líonadh más rud é nach ndéanann aon chainteoir Gaeilge cúí-cháilithe iarratas ar an bpost. In imthosca den sórt sin, agus chun a chinntiú go gcomhlíonann an Roinn a freagrachtaí, forchoimeádh an Roinn an ceart chun post den sórt sin a líonadh trí dhuine nach cainteoir Gaeilge é nó í a earcú.

## Poist Ghaeilge Ainmnithe

Teideal an Phoist	Áit	An pobal Gaeilge a bhfóntar dó	An caighdeán Gaeilge atá ag teastáil
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (folamh faoi láthair)	An Rannán Gnóthaí Corparáideacha, (An tAonad Gaeilge)	Suite i bPort Laoise	Gaeilge Fheidhmiúil dátheangach
Cigire Talmhaíochta	Struchtúir Comhshaoil Talmhaíochta	Corcaigh/Ciarraí	Gaeilge Fheidhmiúil dátheangach
Cigire Talmhaíochta	Struchtúir Comhshaoil Talmhaíochta	Dún na nGall	Gaeilge Fheidhmiúil dátheangach
Cigire Talmhaíochta Cúnta	Struchtúir Comhshaoil Talmhaíochta	Maigh Eo agus Gaillimh	Gaeilge Fheidhmiúil dátheangach
Oifigeach Cléireachais	An Rannán Innealtóireachta Bainistíochta	Lárionad Cuain lascaigh an Daingin	Gaeilge Fheidhmiúil dátheangach
Oifigeach Cléireachais	An Rannán Innealtóireachta Bainistíochta	Lárionad Cuain lascaigh Ros an Mhíl	Gaeilge Fheidhmiúil dátheangach

## Roinn 4

### Faireachán agus Athbhreithniú

Déanfar faireachán agus athbhreithniú ar an Scéim ar bhonn tráthrialta.

- Déanfar faisnéis ina ndéantar achoimriú ar fhorálacha na Scéime seo a scaipeadh ar an bhfoireann agus cuirfear ar fáil í don phobal ar líne trí láithreán gréasáin na Roinne.
- Beidh cur i bhfeidhm na Scéime seo ina chuid dhílis de phróisis phleanála gnó na Roinne.
- Coimeádfar an Coiste Bainistíochta ar an eolas maidir le haon saincheistanna a éiríonn as cur i bhfeidhm na Scéime.
- Leanfaidh Aonad na Gaeilge de chur i bhfeidhm an Achta, na Rialachán agus na Scéime a éascú agus a chur chun cinn agus de measúnacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar

## Roinn 5

### An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Poibleofar an Scéim seo go himmheánach agus go seachtrach araon, trí phreaseisiúint i dtosach báire. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear í ar gach duine den fhoireann.

De bhreis air sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhaíocht laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

# Aguisín A - Eagrúchán agus Struchtúr

## Rannáin na Roinne

Tá struchtúr Bainistíochta na Roinne, faoin Ard-Rúnaí, comhdhéanta de Rúnaithe Cúnta, den Phríomhoifigeach Tréidliachta, den Phríomhchigire, den Phríomhoifigeach Eolais (IMT) agus den Cheann Saotharlann.

Tugtar an struchtúr thíos lena n-áirítear na Rannáin tuairiscithe:

## Rúnaí Cúnta - Bia Mara agus Muirí

- Bainistiú Dobharshaothraithe agus Cladaigh
- Innealtóireacht Mhuirí
- Riar lascaigh Mhara
- Gníomhaireachtaí & Cláir Mara
- Cláir Mhara
- Beartas & Forbairt lascaigh Mhara
- 

## Príomhchigire

- Beartas Táirgiúlachta agus Sábháilteachta Barr
- Measúnú & Dearbhú Barr
- Sláinte Plandaí agus Gairneoireacht
- Rialú Lotnaidicídí
- Clárú Lotnaidicídí
- Bianna Ainmhithe, Leasacháin, Gráin agus Éanlaith Chlóis
- Póru, Táirgeadh agus Trádáil Beostoic
- Níotráití, Bithéagsúlacht & Innealtóireacht
- Taighde Bia agus Codex
- Beartas um Athrú Aeráide & Bithfhuinneamh

## Príomhoifigeach Tréidliachta

- Sláinte Ainmhithe Athchogantach, Rannán ERAD, Clárú Áitreabh agus Aithint Ainmhithe
- An Rannán um Fhaireachas ar Ainmhithe, Fotháirgí Ainmhithe & TSEanna (SAT)
- An Rannán um Dheimhniú Trádála agus Tréidliachta
- Beartas um Shláinte Phoiblí Tréidliachta, Sláinte Muc agus Éanlaithe Clóis
- An Rannán um Aithint agus Gluaiseacht Ainmhithe

- An Rannán um Shláinteachtas Bainne agus Feola agus Fotháirgí Ainmhithe
- An Rannán Sláinte agus Leas Ainmhithe
- Rialú Allmhairithe (Oibríochtaí)
- Lárionad Náisiúnta um Ghair a Chosc, Beartas um Pointí Cigireachta Teorann, Iniúchadh Inmheánach um Tréidliachta
- Comhordú agus Forbairt ar Chórais Ghnó
- An Rannán um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach, Cógais Tréidliachta, Leas Ainmhithe & Trádáil Athchogantach
- Oibríochtaí Sláinte Poiblí Tréidliachta um Shábháilteacht Bia
- Foireann Bainistíochta Tréidliachta Limistéir (Ó Thuaidh agus ó Dheas)
- An Rannán ERAD/Cógas Tréidliachta

### **Príomhoifigeach Eolais - IMT**

- Córais IMT Ainmhithe, Custaiméirí, Airgeadais agus Iascaigh
- Comhordú IMT & PMO
- IMT- Bonneagar
- IMT- Córais Íocaíochtaí Feirme Díreacha (IACS)

### **Rúnaí Cúnta – An Rannán Cumarsáide Straitéiseach**

- An Rannán Acmhainní Daonna
- An Rannán Gnóthaí Corparáideacha
- An Rannán Seirbhísí Bainistithe, Cóiríochta agus Sláinte & Sábháilteachta
- Rannán um Sheirbhísí Dí
- An Rannán um Bainistiú Sonraí
- An Rannán Cumarsáide
- Rannán na nImscrúduithe

### **Rúnaí Cúnta - Forbairt Réigiúnach**

- Rannán na Seirbhíse Foraoise
- An Rannán um Chigireacht na Seirbhíse Foraoiseachta
- An Rannán um Fhorbairt na hEarnála Foraoiseachta
- An Rannán um Ábhar Orgánach, Tacaíocht don Mhargadh & Treorú Áitiúil
- An Rannán um Agra-Chomhshaoil & Infheistíocht ar an bhFeirm
- An Rannán um Thimpeallacht agus Struchtúir Talmhaíochta

### **Rúnaí Cúnta - Straitéis Agraibhia**

- An Rannán um Fhorbairt an Tionscail Bia
- An Rannán um Beartas Feola agus Bainne
- An Rannán um Eacnamaíocht agus Pleanáil D
- An Rannán Rialuithe Déiríochta

## **Rúnaí Cúnta - Trádáil Idirnáisiúnta agus Forbairt Tuaithe**

- Rannán AE
- An Rannán Breatimeachta
- An Rannán Trádála Idirnáisiúnta
- An Rannán um Fhorbairt Tuaithe CAP

## **Ceann Saotharlann**

- Saotharlanna um Shláinte Ainmhithe
- An Rannán um Baictéareolaíocht agus Seadeolaíocht
- An Rannán um Paiteolaíocht
- An Rannán um Shaotharlann Tréidliachta Réigiúnach
- An Rannán um Víreolaíocht
- Saotharlanna um Shábháilteacht Bia agus Eolaíochtaí Plandaí
- An Rannán um Cheimic an Bhia
- An Rannán um Micribhitheolaíocht Bia
- An Rannán um Eolaíocht Planda

## **Rúnaí Cúnta - Íocaíochtaí Díreacha**

- Scéim na hÍocaíochta Bunúsáí
- Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha
- Aistriú Eolais
- An Clár um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola
- Íocaíocht Mairteola Críochnaithe
- Clár Mairteola um Éifeachtúlacht Chomhshaoil - Laonna Diúil
- An Beart Cúnaimh Éigeandála Mairteola
- Scéim Leasa na gCaorach
- do thionscadal atógála an Chórais Aitheanta Dáileachtaí Talún.
- Teidlíochtaí CAP & Rialú Airgeadais
- Íocaíochtaí Díreacha, an Rannán um Rialuithe Lánpháirtithe

## **Ard-Rúnaí Cúnta - Rialachas**

- An Rannán Airgeadais & an Láraonad Soláthair
- Rannán na gCuntas
- An tAonad Iniúchta Inmheánaigh
- An Oifig um Achomhairc Talmhaíochta
- Rásaíocht Capall & Con agus Teagasc